Uimhir Lárionaid

Rewarding Learning

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2013

# Matamaitic

## Aonad T1
## (Le hÁireamhán)
## Bonnsraith

**[GMT11]**

*GMT11*

**DÉ MÁIRT 11 MEITHEAMH 9.15am–10.45am**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit do fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin. Ná scríobh taobh amuigh den bhosca, thart ar na leathanaigh, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.**
Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh. **Ná scríobh le peann glóthaí**.
Freagair **gach ceann** de na **ceithre** cheist is **fiche**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Tá** cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Déanfar Eilimintí Feidhmeacha a mheas sa pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceist 22**.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.




StudentBounty.com
www.StudentBounty.com

# Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** $= \frac{1}{2}(a+b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad








www.StudentBounty.com

**1** Díoladh 60 carr i ngaráiste. Taispeántar an chéad cheithre shraith den phicteagram thíos.

**Díolacháin Charranna**




**(a)** Díoladh 20 carr dearg.

Comhlánaigh an eochair:  = ____________ carr [1]

**(b)** Cá mhéad carr dubh a díoladh?

Freagra ____________ [1]

**(c)** Cá mhéad níos mó carranna dearga ná carranna liatha a díoladh?

Freagra ____________ [1]

**(d)** Comhlánaigh an tsraith sa phicteagram le haghaidh carranna gorma. [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 1 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Scríobh naoi míle i bhfigiúirí.

Freagra ______________ [1]

**(b)** Ciorclaigh trí uimhir thíos a shlánaíonn go naoi míle go dtí an míle is cóngaraí.

9473 90003 8977 899 9511 8495 8500 [3]

Iomlán Cheist 2

**3** Seo cúig dhigit. 5 1 8 7 3

**(a)** Úsáid **gach** digit leis an uimhir is mó agus is féidir a scríobh.

Freagra ______________ [1]

**(b)** Úsáid **ceithre** cinn de na digití le ré-uimhir a scríobh.

Freagra ______________ [1]

**(c)** Úsáid **dhá** cheann de na digití le hiolraí 7 a scríobh.

Freagra ______________ [1]

**(d)** Úsáid **dhá** cheann de na digití le huimhir chearnach a scríobh.

Freagra ______________ [1]

**(e)** Úsáid **ceithre** cinn de na digití le dhá uimhir arb é 70 an tsuim acu a scríobh.


Freagra __________ agus __________ [2]

Iomlán Cheist 3



www.StudentBounty.com

**4** **(a)** Tá Pilib ag breacadh pointí le cearnóg a fhoirmiú.
Tá 3 phointe breactha aige agus 2 shlios tarraingthe aige.
Scríobh comhordanáidí an 4ú rinn.




Freagra (_____, _____) [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 4 | |
| | |

**(b)** Is iad 1, 3, 5, 7 na chéad 4 chorruimhir.

Cad é an uimhir atá 1 níos lú ná an 10ú corruimhir?

Freagra __________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com


**5** **(a)** Ainmnigh ceathairshleasán

**(i)** a bhfuil dhá phéire sleasa ar cóimhéid aige ach nach bhfuil sleasa comhthreomhara ar bith aige,

Freagra ______________________ [1]

**(ii)** nach bhfuil ach péire amháin de shleasa comhthreomhara aige.

Freagra ______________________ [1]




Is é O lár an chiorcail.

**(b)** Comhlánaigh na habairtí

**(i)** Is pointí iad A, B agus C ar __________________ an chiorcail. [1]

**(ii)** Is ______________ an chiorcail é an líne OB. [1]

**(iii)** Is ______________ an chiorcail é an líne dhíreach AB. [1]

**(c)** Scáthaigh teascán den chiorcal. [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 5 | |
| | |



www.StudentBounty.com

**6** **(a)** Tá Tom ag léamh leabhair a bhfuil 96 leathanach ann.
Tá 25% den leabhar léite aige.
Cá mhéad leathanach sa leabhar atá léite aige?

Freagra ________ leathanach [2]

**(b)** Cheannaigh Siún 9 scóna ar 18p an ceann.
Cá mhéad briseadh a fuair sí ó £5?

Freagra £ ____________ [2]

**(c)** Scríobh an tacar seo d'uimhreacha in ord a méide.
Tosaigh leis an uimhir is lú.

6, –7, –11, 3, –5

Freagra ______ , ______ , ______ , ______ , ______ [1]

**(d)** Scríobh an tacar seo d'uimhreacha in ord a méide.
Tosaigh leis an uimhir is lú.

0.74, 0.089, 0.8, 0.85, 0.803

Freagra ________ , ________ , ________ , ________ , ________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 6 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**7** Thaifead Vicky na cineálacha deochanna a díoladh ó mheaisín deochanna.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Cineál Dí | Minicíocht |
|---|---|
| Caife | 7 |
| Tae | 13 |
| Seacláid The | 6 |
| Cóla | 5 |
| Oráiste | 3 |

**(a)** Ar an ghrafpháipéar, tarraing barrachairt leis an fhaisnéis seo a thaispeáint.

[3]



www.StudentBounty.com

**(b)** Cé acu deoch is mó éileamh?

Freagra ______________ [1]

**(c)** Cá mhéad deoch san iomlán a thaifead Vicky?

Freagra ______________ [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 7 | |
| | |

[Tiontaigh an leathanach



www.StudentBounty.com

**8** Úsáidtear cipíní leis an phatrún seo de chruthanna a dhéanamh.




| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Tarraing an 4ú patrún agus comhlánaigh an tábla le haghaidh líon na gcipíní.

| Uimhir Patrúin | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gCipíní | 5 | 9 | 13 | |

[2]

**(b)** Cad é an patrún a thugann tú faoi deara maidir leis na huimhreacha sa tsraith "Líon na gCipíní"?

Freagra ______________________________ [1]

**(c)** Faigh líon na gcipíní sa 9ú patrún.


Freagra __________ [2]

Iomlán Cheist 8




www.StudentBounty.com

**9** **(a)** Tarraingítear cruth ar eangach ceintiméadar cearnógach.




Oibrigh amach imlíne an chrutha seo. Freagra ________ cm [1]

**(b)** Tá an solad siméadrach seo déanta de chiúbanna ceintiméadair.



**(i)** Cad é toirt an tsolaid? Freagra ________ $cm^3$ [1]

**(ii)** Ar an eangach thíos tarraing aghaidhchló an tsolaid.



[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| Iomlán Cheist 9 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**10** **(a)** Tá 380 aonad siopa in ionad mór siopadóireachta.

Tá 5% de na haonaid folamh.

Cá mhéad aonad atá in úsáid?

Freagra ______________ aonad siopa [3]

**(b)** Gan áireamhán a úsáid, iolraigh 274 faoi 29
**Taispeáin do chuid oibre.**

[3]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 10 | |
| | |



www.StudentBounty.com

**11** Chaith Nina dhá uair an chloig ar an obair baile tráthnóna amháin.
Taispeánann an phíchairt cad é mar a roinn sí an t-am idir na ceithre ábhar.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




**(a)** Cá mhéad ama a chaith sí ar an Mhatamaitic?

Freagra ______________ nóiméad [1]

**(b)** Déan meastachán ar an méid ama a chaith sí ar Thíreolaíocht.

Freagra ______________ nóiméad [1]

**(c)** Tomhais an uillinn don Eolaíocht.

Freagra ______________° [1]

Iomlán Cheist 11

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**12** Taifeadadh líon na nuachtán a díoladh gach uair an chloig i siopa beag.

35 23 22 14 17 19 21 25

Cad é meánlíon na nuachtán a díoladh?

Freagra ______________ [3]

Iomlán Cheist 12

**13** Tá seilf leabhar 2.5 m ar leithead.
Cá mhéad leabhar dar leithead 18 mm gach ceann acu is féidir a stóráil ar an tseilf?

Freagra ______________ [3]

Iomlán Cheist 13



www.StudentBounty.com

**14** **(a)** Is é £890 an praghas in airgead tirim atá ar thábla.

Is féidir é a cheannach ar cairde trí éarlais 10% den phraghas in airgead tirim a íoc agus 24 íocaíocht mhíosúil de £39.50

Cá mhéad níos mó a íoctar as an tábla nuair a cheannaítear ar cairde é?

Freagra £ ______________ [4]

**(b)** **(i)** Mínigh cad é a chiallaíonn an ciúbú de 5

Freagra ____________________________ [1]

**(ii)** Faigh an fhréamh chiúbach de 64

Freagra ______________ [1]

**(c)** Oibrigh amach an freagra don áireamh seo a leanas, gan áireamhán a úsáid.
**Taispeáin do chuid oibre.**

$$\frac{7}{12} - \frac{1}{6}$$

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 14 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**15** **(a)** Ríomh toirt ciúbóidigh dar fad 9 cm, dar leithead 8 cm agus darb airde 3 cm.

Freagra ______________ [3]

**(b)** Tá an toirt chéanna i gciúb agus atá sa chiúbóideach. Ríomh fad shlios an chiúib.


Freagra __________ cm [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 15 | |
| | |



www.StudentBounty.com

**16 (a)**





níl an léaráid tarraingthe go beacht

Sa léaráid is líne dhíreach í LMN.

Ríomh méid na huillinne atá marcáilte $x$.

Freagra $x$ = ________° [1]

**(b)**




níl an léaráid tarraingthe go beacht

**(i)** Cad é an cineál uillinne atá marcáilte ag S?

Freagra ________________ [1]

**(ii)** Tá uillinn RST = 103°.
Ríomh méid na huillinne atá marcáilte.

Freagra ________________° [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 16 | |
| | |

**[Tiontaigh an leathanach**




www.StudentBounty.com

**17** Taifeadadh líon na mbrioscán prátaí a díoladh i siopa milseán mar seo a leanas.

| Blas | Minicíocht | Uillinn |
|---|---|---|
| Salann agus Fínéagar | 10 | |
| Saillte | 8 | |
| Bagún Deataithe | 17 | |
| Cáis agus Oinniún | 25 | |

Tarraing píchairt leis an fhaisnéis seo a léiriú.



[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| Iomlán Cheist 17 | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**18** Cé acu de na codáin seo a leanas is cóngaraí de réir méide do $\frac{1}{4}$?

$$\frac{6}{25} \qquad \frac{13}{50} \qquad \frac{49}{200} \qquad \frac{97}{400}$$

**Taispeáin do chuid oibre.**

Freagra ______________ [2]

Iomlán Cheist 18

**19** Tóg triantán ABC an áit a bhfuil AB 8 cm, AC 5 cm agus uillinn A 55°

A ×

[2]

Iomlán Cheist 19

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**20** Ríomh $\frac{2}{0.5^2}$

Freagra ______________ [2]

Iomlán Cheist 20

**21**

| **Amchlár: Lárionad Busanna Inis Ceithleann – Lárionad Busanna na hÓmaí Seirbhís 94** (Luan–Aoine) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Pointí Seastáin: | | | | | | | | |
| Inis Ceithleann, Lárionad Busanna | ... | 0655 | 0735 | 0740 | 0905 | 1130 | 1330 | 1545 |
| An Mullach Mín, An Sráidbhaile | ... | ... | ... | ... | ... | ... | ... | ... |
| Béal Átha na Mallacht, Teach Pobail | ... | 0710 | ... | 0755 | 0920 | ... | 1345 | 1605 |
| Trileac, Siopa Warnock | ... | 0720 | 0802 | 0805 | 0930 | ... | 1355 | 1615 |
| Baile an Irbhinigh, Seachbhóthar | ... | ... | ... | ... | ... | 1200 | ... | ... |
| An Droim Mór (Tír Eoghain), Seachbhóthar | 0727 | 0730 | ... | 0815 | 0940 | 1220 | 1405 | 1625 |
| Siopa Price, cóngarach don Droim Mór | ... | 0738 | ... | 0823 | 0948 | 1225 | 1413 | 1633 |
| An Ómaigh, Lárionad Busanna | 0752 | 0752 | ... | 0850 | 1005 | 1240 | 1430 | 1655 |

**(a)** Tá moill 8 nóiméad ar bhus 0740 ó Inis Ceithleann. Cad é an t-am a bhainfidh sé Béal Átha na Mallacht amach?

Freagra ______________ [1]

**(b)** Caithfidh cailín a bheith ar an Ómaigh do choinne ar 1.15 pm. Beidh sí ag imeacht ó Inis Ceithleann ar an bhus is moille agus is féidir le go mbeidh sí in am don choinne aici. Cá fhad a bheidh le caitheamh aici ar an Ómaigh roimh an choinne?

Iomlán Cheist 21

Freagra __________ nóiméad [2]



www.StudentBounty.com

**Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**22** I gcomórtas cic pionóis scóráil na buachaillí i Rang 12A na cúil seo a leanas:

6, 10, 9, 8, 7, 6, 7, 10, 9, 8

I Rang 12B scóráil 8 mbuachaill 72 cúl san iomlán.

Cé acu rang ab fhearr sa chomórtas?
Mínigh do fhreagra.

Freagra ____________

mar ______________________________________________

______________________________________________ [4]

Iomlán Cheist 22

**23** Tá costas £2.65 an kg ar úlla cócarála ag grósaeir glasraí.
Cheannaigh Máire 0.6 kg d'úlla cócarála.
Cheannaigh sí 0.4 kg de thrátaí fosta.
Bhí costas £2.83 don dá earra ar a bille ag an tseiceáil amach.
Oibrigh amach praghas **an kg** do na trátaí.

Iomlán Cheist 23

Freagra £ ____________ [4]

**[Tiontaigh an leathanach**



www.StudentBounty.com

**24 (a)** Simpligh

$$5y + 3y - 4y$$

Freagra ______________ [1]

**(b)** Réitigh

**(i)** $\frac{x}{3} = 9$

Freagra $x =$ __________ [1]

**(ii)** $\frac{30}{x} = 6$

Freagra $x =$ __________ [1]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Iomlán Cheist 24 | |
| | |



www.StudentBounty.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**



www.StudentBounty.com

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| 16 | |
| 17 | |
| 18 | |
| 19 | |
| 20 | |
| 21 | |
| 22 | |
| 23 | |
| 24 | |

| Marc Iomlán | |
|---|---|

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com